


Ag Cabhrú le Taighde Rathúil Scoláirí i Seomra Ranga an Staidéir Ghnó

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**
for teachers

 @JCforTeachers
@jct_Business



Cinneadh ar Spriocanna Taighde

Déan do cheist taighde a fhorbairt.
Conas a aimseoidh tú do chuid faisnéise?
Ar chuimhnigh tú ar na roghanna Príomhúla/Tánaisteacha uile atá ar fáil?
Pleanáil do thaighde chun cloí le do spriocdháta agus chun cabhrú leat fócas a thabhairt do do chuid oibre.
Conas a choinneoidh tú súil ar an eolas a fhaigheann tú?

Sula dtosóidh tú ...

Réamheolas a Sheiceáil

Cad é atá a fhios agam cheana faoin topaic seo?
An bhfuil mé claonta faoin topaic seo?



Le linn Taighde Ar Líne:

Bain úsáid as an socrú 'cuardach sábháilte' ar do rogha inneall cuardaigh.

Bí soiléir maidir le cuspóir do thaighde.

Forbair saintearmaí taighde chun cuardaigh spriocdhírthe a threorú.

Bí cinnte go ndearbhóidh tú do chuid torthaí trí eolas a fháil ó níos mó ná foinsé amháin.

Tuigtear gur féidir le suíomhanna áirithe a bheith claonta agus bí cinnte go gcuirfidh tú é sin san áireamh.

Arna chur in oiriúint ó fhoinsí a cruthaíodh sa Tionscadal Erasmus+ ATS2020

Taighde a Dhéanamh

Do théarmaí nó do thosaíochtaí cuardaigh a fhorbairt.

I gcomhair Taighde Príomhúil, smaoinigh ar cheisteanna oscailte agus dúnta araon a úsáid agus déan tástáil ar d'uirlis taighde.

An bhfuil tú ag teacht ar an bhfaisnéis a theastaíonn uait? An gá duit do théarmaí/do cheisteanna a athrú?

Coinnigh taifead ar na foinsí faisnéise.

Iontaofacht a Sheiceáil

Cad é chomh hiontaofa agus atá d'fhoinsí faisnéise?

An bhféadfadh d'fhoinsé a bheith claonta?

An dtig leat do thorthaí a dhearbhu ag úsáid foinsé eile?

Cad é chomh cothrom le dáta agus atá do chuid faisnéise?



Meastóireacht a dhéanamh ar na Torthaí

Cad iad na príomhthorthaí ó do thaighde?

An bhfreagraíonn na torthaí do cheist taighde?

An ndearna tú tagairt do do chuid foinsí go léir?

Cén fhianaise is féidir leat a chur isteach ó do chuid taighde?

Tar éis duit críochnú ...

Ag Socrú cad é a Roinnfidh tú

Conas a úsáidfidh mé mo thorthaí?
Conas a roinnfidh mé mo thorthaí le daoine eile?